Aidiachtaí: Cluiche

Treoracha agus moltaí

Seo cluiche simplí a d'fhéadfaí a úsáid chun gnáthaidiachtaí laethúla a chleachtadh.

Treoracha

1. Beidh na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí (triúr nó ceathrar i ngach grúpa) don ghníomhaíocht seo.
2. Priontáil agus gearr suas na haidiachtaí atá ar an mbileog chun cártaí beaga a chruthú. Déan cinnte de go bhfuil na cártaí measctha go maith agat. Cuir na cártaí beaga i gclúdach litreach agus bíodh clúdach litreach ina bhfuil sraith iomlán cártaí agat do gach grúpa sa rang.
3. Cuir na grúpaí éagsúla sa rang ag obair lena chéile chun gach aidiacht a cheangal leis an malairt brí – sampla: 'bog'/'crua'; 'milis'/'searbh'.
4. Moltar an cluiche seo a leanúint le saorchleachtadh ina ndéanann na foghlaimeoirí na focail a chur in abairtí.

Moltaí

- Is féidir comórtas beag a eagrú ina mbíonn méid áirithe ama ag na grúpaí éagsúla chun abairtí a chumadh ag úsáid na n-aidiachtaí.

  Sampla: 'Ní bhíonn na páistí tapa á n-ullmhú féin ar maidin – bíonn siad mall'.

- Moltaí maidir le conas an cluiche a athrú:

  (i) Gaeilge/Béarla a bheith le meaitseáil, seachas malairt brí.
  (ii) Na haidiachtaí a cheangal le pictiúr, seachas le focal eile.

Luath	Déanach
Tapa	Mall
Oscailte	Dúnta
Tús	Deireadh
Sásta	Brónach

Suimiúil	Leadránach
Bog	Crua
Láidir	Lag
Díreach	Cam
Leathan	Cúng

Ard	Íseal
Éasca	Deacair
Milis	Searbh
Deas	Gránna